

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 5 de 1998.

NA RIALACHÁIN UM CHAOMHNÓIREACHT LEANAÍ (DEARBHÚ REACHTÚIL), 1998

(Pn. 4952)

I.R. Uimh. 5 de 1998.

NA RIALACHÁIN UM CHAOMHNÓIREACHT LEANAÍ (DEARBHÚ REACHTÚIL), 1998

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le mír (*e*) d'alt 2(4) (a cuireadh isteach le hAcht na Leanaí, 1997 (Uimh. 40 de 1997)) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (Uimh. 7 de 1964), déanaimse, Seán Ó Donnchú, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, leis seo, na Rialacháin seo a leanas:

1. Na Rialacháin um Chaomhnóireacht Leanaí (Dearbhú Reachtúil), 1998, is teideal do na Rialacháin seo.

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh a 1ú lá d'Fheabhra, 1998.

3. Is san fhoirm atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin seo a bheidh dearbhú reachtúil dá dtagraítear i mír (*e*) d'alt 2(4) (a cuireadh isteach le hAcht na Leanaí, 1997 (Uimh. 40 de 1997)) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (Uimh. 7 de 1964).

Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 20ú *lá d'Eanáir* 1998, *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

AN SCEIDEAL

Dearbhú Reachtúil ón Athair agus ón Máthair i ndáil le Comhchaomhnóireacht Linbh

DÉANFAR DIFEAR MÓR DO SHEASAMH DLÍTHIÚIL AN DÁ THUISMITHEOIR LE DÉANAMH AN DEARBHAITHE SEO. IS INMHOLTA COMHAIRLE DLÍ A FHÁIL SULA nDÉANFAR AN DEARBHÚ SEO.

DOICIMÉAD TÁBHACHTACHT ATÁ SA DOICIMÉAD SEO AGUS AR É A CHOMHLÁNÚ IS CEART É A CHOIMEÁD IN ÁIT SHÁBHÁILTE.

Maidir le deabhú faoi mhír (*e*) d'alt 2(4) (a cuireadh isteach le hAcht na Leanaí, 1997) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964—

Sinne—

_____ as
(ainm an athar)

_____
(seoladh an athar)

agus

_____ as
(ainm na máthar)

_____
(seoladh na máthar)

dearbhaímid agus deirimid go sollúnta agus go fíreata mar a leanas:

1. Níor phósamar a chéile.

2. Is sinne athair agus máthair _____ a rugadh
(ainm an linbh)

an lá de , 199 .

3. Comhaontaímid le _____ a cheapadh
(ainm an athar)

ina chaomhnóir ar _____.
(ainm an linbh).

4. Tá comhshocraíochtaí déanta againn maidir le coimeád _____ [maille le rochtain air/uirthi]*
(ainm an linbh).

**Scrios más gá.*

Déanaimid an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, agus de bhun mhír (*e*) d'alt 2(4) (a cuireadh isteach le hAcht na Leanaí, 1997) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.

Arna shíniú _____ (Athair)

Arna shíniú _____ (Máthair)

ARNA DHEARBHÚ OS MO CHOMHAIRSE AG

_____ a bhfuil aithne phearsanta agam orthu nó (a cuireadh in aithne dom ag _____ a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi) i _____ an lá seo de , 19 .

_____

(feidhmeannach Sóchána/Coimisinéir Mionnaí/Nóthaire Poiblí)

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 14ú lá seo d'Eanáir, 1998.

SEÁN Ó DONNCHÚ,
Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN.

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

1. Forordaítear leis na Rialacháin seo foirm an chomhdhearbhaithe reachtúil atá le déanamh ag máthair agus athair linbh lasmuigh den phósadh ar mian leo go dtiocfadh an t-athair chun a bheith ina chaomhnóir ar an leanbh i gcomhpháirt leis an máthair de réir alt 2(4) (a cuireadh isteach le hAcht na Leanaí, 1997) den Acht um Chaomhnóireacht Náíon, 1964.

2. Má tá níos mó ná leanbh amháin ann is ceart dearbhú reachtúil ar leithligh a dhéanamh i leith gach linbh.

3. D'éagmais comhaontaithe idir thuismitheoirí an linbh lena mbaineann i leith an t-athair a cheapadh ina chomhchaomhnóir ar an leanbh, tá ceart ag an athair chun a iarraidh ar an gCúirt faoi alt 6A den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, go ndéanfaí comhchaomhnóir de.

4. Ní féidir athair a cheaptar ina chaomhnóir de bhua comhdhearbhaithe reachtúil arna dhéanamh faoi alt 2(4) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, a chur as oifig mar chaomhnóir ach le hordú cúirte.

5. Scoirfidh leanbh de bheith faoi réir caomhnóireachta nuair a shlánóidh sé nó sí 18 mbliana d'aois nó ar dháta a phósta nó a pósta.

6. Is éard is caomhnóireacht ann an bailiúchán de chearta agus de dhualgais atá ag tuismitheoir i leith a linbh. Cuimsíonn sí an dualgas an leanbh a chothabháil agus cúram ceart a thabhairt dó nó di, maille leis an gceart chun cinntí a dhéanamh faoi oideachas creidimh agus saolta linbh, riachtanais sláinte agus nithe eile a dhéanann difear do leas an linbh. Féadfar feidhmiú ceart caomhnóireachta a chomhaontú idir thuismitheoirí. I gcás díospóide a bheith ann maidir le cearta caomhnóireachta a fheidhmiú féadfaidh an chúirt an ní a chinneadh ar iarratas ó cheachtar caomhnóir is tuismitheoir. Tá an ceart coimeádta ar cheann de na cearta a thagann i gceist faoin ngaol caomhnóireachta. Is éard is coimeád ann cúram agus rialú fisiciúil linbh ó lá go lá. Fiú má bhíonn coimeád linbh ag caomhnóir amháin is tuismitheoir, de ghnáth bíonn an caomhnóir eile is tuismitheoir i dteideal go reachfaí i gcomhairle leis nó léi i ndáil le nithe a dhéanann difear do leas an linbh.

NÓTA: Níl dualgas athar a leanbh a chothabháil agus a cheart chun coimeád a linbh nó rochtain ar a leanbh a iarraidh ar an gcúirt teagmhasach ar chaomhnóir a dhéanamh de.

7. Déanfar difear don phróiseas uchtála má cheaptar athair nádúrtha ina chaomhnóir.

Níl an fhaisnéis atá sa nóta míniúcháin seo cuimsitheach.

Wt. —. 35. 10/06. Cahill. (B23718). Gr.30-15.